

1. Cad é d'uimhir theileafóin? What's your telephone number.
A cúig, a cúig, a cúig, a trí, a hocht, Five, five, five, three, eight,
a náid, a ceathair (555-3804). zero, four (555-3804).

| | | | |
|------------|-------|-----------------|--------|
| a haon | one | a seacht | seven |
| a dó | two | a hocht | eight |
| a trí | three | a naoi | nine |
| a ceathair | four | a deich | ten |
| a cúig | five | a haon déag | eleven |
| a sé | six | a dó dhéag | twelve |
| | | a náid / a faic | zero |

2. Cé mhéad cat atá agat? How many cats do you have?
Tá dhá chat agam. I have two cats.
Níl cat ar bith agam. I don't have any cats.

| | | | |
|------------------|------------|---------------|-------------|
| (aon) cat amháin | one cat | seacht gcat | seven cats |
| dhá chat | two cats | ocht gcat | eight cats |
| trí chat | three cats | naoi gcat | nine cats |
| ceithre chat | four cats | deich gcat | ten cats |
| cúig chat | five cats | aon chat déag | eleven cats |
| sé chat | six cats | dhá chat déag | twelve cats |

3. Tá ceann amháin agam. I have one.
Tá dhá cheann agam. I have two.
Níl ceann ar bith agam. I don't have any.

| | | | |
|--------------------|----------------|-----------------|-----------------|
| (aon) ceann amháin | one (thing) | seacht gcinn | seven (things) |
| dhá cheann | two (things) | ocht gcinn | eight (things) |
| trí cinn | three (things) | naoi gcinn | nine (things) |
| ceithre cinn | four (things) | deich gcinn | ten (things) |
| cúig cinn | five (things) | aon cheann déag | eleven (things) |
| sé cinn | six (things) | dhá cheann déag | twelve (things) |

4. An bhfuil cat agat? Do you have a cat?
Cé mhéad madra atá agat? How many dogs do you have?
Cé mhéad carr atá agat? How many cars do you have?
Cad é d'uimhir theileafóin? What's your telephone number?
(ní gá d'fhíor uimhir a rá) (you don't have to say your real number)

Dúnmharú ar an Dart
le Ruaidhrí Ó Báille

1. „Ó a dhiabhail!”
2. Rith Niall Ó Conaill amach an doras ar nós na gaoithe.
3. Bhí sé a leathuair tar éis a hocht agus bhí cúig nóiméad aige chun an Dart a fháil.
4. Bhí a theach ar an tSeanchill síos an bóthar ón stáisiún, ach an mhaidin seo bhí sneachta agus leac oighir gach áit.
5. Nuair a tháinig sé go dtí bun an bhóthair, bhí an t-oighear an-dona.
6. Lean sé air, ag rith agus ag scátáil go dtí gur shroich sé an stáisiún.
7. Go tobann, tógadh dá chosa é. „Aaaaagh!”
8. Chuaigh a chás suas san aer, agus thit Niall ar a thóin ar an talamh.
9. Bhí áthas air nach raibh aon daoine timpeall.
10. Sheas sé agus thosaigh sé ag siúl arís – go mall an uair seo.
11. Ansin, chuala sé an traein, agus thosaigh sé ag rith.
12. Ach bhí sé ródhéanach.
13. Nuair a shroich sé an t-ardán, chonaic sé na doirse ag dúnadh agus an traein ag imeacht léi.
14. „Damnú air!” ar seisean.
15. Tháinig traein eile, agus fuair Niall suíochán gan aon trioblóid.
16. „Huh! Tá gach duine fós sa leaba!” a dúirt sé leis féin.
17. „Is amadán mise agus teacht amach maidin mar seo.
18. Beidh an scoil dúnta.”

Murder on the Dart
by Ruaidhrí Ó Báille

- “Oh, devil!”
- Niall O’Connell ran out the door like the wind.
- It was half past eight and he had 5 minutes to get the Dart.
- His house was in Shankill down the road from the station, but this morning there was snow and ice everywhere.
- When he came to the end of the road, the ice was very bad.
- He continued on, running and skating until he reached the station.
- Suddenly, he slipped. “Aaaaagh!”
- His case went up in the air, and Niall fell on his bum on the ground.
- He was happy that there weren’t any people around.
- He stood up and he began walking again – slowly this time.
- Then, he heard the train, and he began running.
- But he was too late.
- When he reached the platform, he saw the doors closing and the train going off.
- “Damn it!” he said.
- Another train came, and Niall got a seat without any trouble.
- “Huh! Everybody is still in bed!” he said to himself.
- “I’m a fool coming out on a morning like this.
- The school will be closed.”

Is Tú Mo Chiaróg

Tadhg Mac Dhonnagáin

- | | |
|---|--|
| 1. Nuair a chuimhním ar do cholainn | When I think of your body |
| 2. Cuimhním ar Chnoc Bhréanainn | I think of [West Kerry's] Mount Brandon |
| 3. Feicim Oileán Acla i do shrón | I see Achill Island in your nose |
| 4. Breathnaím i do shúile | I look in your eyes |
| 5. Feicim tonnta Thoraí | and see the waves of Tory |
| 6. Aithním thú a stór, is tú mo chiaróg. | I recognize you darling, you're my beetle. |

curfá

chorus

- | | |
|---|---|
| 7. Fógraím don saol mór gur tú mo mhuirnín | I proclaim to the wide world that you're my dearest |
| 8. Anois, inniu, amáireach is go deo | Now, today, tomorrow and always |
| 9. Mar is tusa an cnoc glas atá i bhfad, bhfad uaim | Because you're the faraway hill that is so green. |
| 10. Aithním tú a stór, is tú mo chiaróg. | I recognise you darling, you're my beetle. |

- | | |
|--|--|
| 11. Is tú mo bheinnín luachra, | You're my sheaf of rushes |
| 12. Is tú mo staicín eorna | You're my stack of barley |
| 13. Is tú mo mhála fataí | You're my bag of spuds |
| 14. I lár an Ghorta Mhóir | In the middle of the Great Famine |
| 15. Is tú m' fhóidín móna | You're my sod of turf |
| 16. Is tú m' fhóidín mearaí | You're my sod of confusion |
| 17. Nach dtuigeann tú gur tú mo smugairle róin. | Don't you understand that you're my jellyfish. |

curfá

chorus

- | | |
|--|---|
| 18. Is tú an gad is gaire do mo scórnach | You're the gad closest to my throat |
| 19. Is tú an chloch is mó ar mo pháidrín | You're the biggest stone on my rosary |
| 20. Is tú an chaor a lasanns mo chroí is mo phíopa cré | You're the glowing coal that lights my heart and my clay pipe |
| 21. Is tú mo phota Pádraig, | You're my jar of porter on St. Patrick's day, |
| 22. Is tú mo phota gliomach, | You're my lobster pot |
| 23. Ach thar gach ní is tú an gleann inar tógadh mé. | But above all, you're the valley in which I was raised. |

curfá

chorus